NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath Chéim 5 de Shonraíochtaí Ábhar na Sraithe Sóisearaí

## An tOideachas Reiligiúnach, an Léann Clasaiceach agus an Léann Giúdach

Meitheamh 2025

# An Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ ..... 1

2. FAISNÉIS CHÚLRA ..... 2

**Breithnithe áirithe a bhaineann leis an Léann Clasaiceach agus leis an Léann Giúdach ..... 2**

**Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19 ..... 3**

**Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach ..... 3**

**Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15) ..... 3**

3. FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE ..... 5

**Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú ..... 5**

**Cur chuige modheolaíoch ..... 5**

Cuairteanna scoile ..... 6

Suirbhé ar líne ..... 7

Aighneachtaí i scríbhinn ..... 7

4. AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ ..... 8

**Aidhmeanna na sonraíochtaí a bhaint amach ..... 8**

**Ag Obair le Torthaí Foghlama ..... 9**

**Pleanáil d'Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú ..... 12**

**Measúnú ..... 15**

**Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach ..... 21**

Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú ..... 21

Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach ..... 22

Ionchuimsiú ..... 23

5. LÉARGAIS, MOLTAÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 25

**Léargais** ..................................................................................................................................................25
Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach.......................................................................25
Aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Oideachais Reiligiúnaigh, an Léinn Chlasaicigh agus an Léinn Ghiúdaigh ........................................................................................................................................26

**Moltaí** ......................................................................................................................................................27
Saincheisteanna a bhaineann le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach ...........................27
Moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm leanúnach an Oideachais Reiligiúnaigh, an Léinn Chlasaicigh agus an Léinn Ghiúdaigh..............................................................................................................................28

**6. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE**......................................................................... 30

# 1. Réamhrá

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15), tugadh isteach sonraíochtaí ábhair nua d'Oideachas Reiligiúnach, Léann Clasaiceach agus Léann Giúdach na Sraithe Sóisearaí i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2019. Sceidealaíodh go dtabharfadh CNCM faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath nuair a bheadh an cúrsa do na hábhair sin curtha i gcrích ag an gcéad chohórt scoláirí. Faraor, ba ghá an t-athbhreithniú a chur ar athló go dtí scoilbhliain 2024/25 mar gheall ar chur isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Cé go raibh taithí trí bliana ag na scoláirí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo ar an gcuraclam, níor ghá dóibh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh, mar a samhlaíodh sna sonraíochtaí, mar gheall ar na hoiriúnuithe don mheasúnú a tugadh isteach mar gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm luath in R3 2024 agus cuireadh i gcrích in R1 2025 é. Bhí sé mar aidhm aige aiseolas a bhailiú, agus a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis na sonraíochtaí an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar sin agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta a chur chun cinn
- na gnéithe measúnaithe sna hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d'fhonn na sonraíochtaí nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo trí faisnéis chúlra a thabhairt a chabhraíonn leis an athbhreithniú agus léargas ginearálta ar an gcomhairliúchán a rinneadh mar chuid den athbhreithniú a chur i gcomhthéacs, agus ina dhiaidh sin tugtar léargas ar thaithí ar na hábhair sa tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm. Tá breithniú déanta ag CNCM ar an aiseolas a fuarthas i rith an athbhreithnithe i dtéarmaí na n-impleachtaí féideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn in obair CNCM agus in obair páirtithe leasmhara eile i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Sa chuid dheireanach den cháipéis leagtar amach na céad chéimeanna eile molta mar fhreagra ar na torthaí a thagann aníos ón athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo.

## 2. Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tugtar forléargas achomair ar chomhthéacs an athbhreithnithe, agus luaitear roinnt breithnithe maidir leis an Léann Clasaiceach agus leis an Léann Giúdach, na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19 le haghaidh gach ábhair sa tsraith shóisearach, forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach agus an staidéar taighde fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach.

### Breithnithe áirithe a bhaineann leis an Léann Clasaiceach agus leis an Léann Giúdach

Caithfear breithnithe áirithe a bhaineann leis an Léann Clasaiceach agus leis an Léann Giúdach a chur san áireamh sula dtugtar faoin tuairisc seo.

Tugtar deis do na scoláirí i sonraíocht Léann Clasaiceach na sraithe sóisearaí dul i ngleic le cultúr, litríocht, teangacha, ealaín agus cultúr ábhartha na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe i mbealaí éagsúla. Tá trí shnáithe sa chúrsa seo agus tugann na scoláirí faoi phéire de na snáitheanna sin. Tugann gach scoláire faoin gcéad snáithe, an Chroí-chomhpháirt. Ina theannta sin, beidh rogha ag na scoláirí tabhairt faoi chomhpháirt amháin den phéire seo a leanas: Staidéar an Léinn Chlasaicigh (snáithe 2) nó an Teanga Chlasaiceach (snáithe 3). Tá 100 uair an chloig d'am teagmhála scoláire leagtha síos i gcomhair gach snáithe. Dá bhrí sin, thug roinnt de na scoláirí agus na múinteoirí a ndeachthas i gcomhairle leo san athbhreithniú seo faoin teanga chlasaiceach mar chuid mhór dá gcuid staidéir, agus d'fhéadfadh sé nár thug scoláirí eile faoi.

Ní mór a lua freisin nach raibh an taithí chéanna ag scoláirí a thug faoin gcomhpháirt teanga clasaicí agus a roghnaigh teanga chlasaiceach Ardteistiméireachta ina dhiaidh sin, ar theanga chlasaiceach a fhoghlaim agus a bhí ag na scoláirí sin a thug faoi shiollabais Sean-Ghréigise nó Laidine an Teastais Shóisearaigh, agus gur dúshlán é sin do scoláirí ó thaobh an aistrithe go dtí an tsraith shinsearach de. Beidh sonraíochtaí nua i bhfeidhm don tSean-Ghréigis agus don Laidin, a ceapadh chun leanúnachas agus dul chun cinn a thabhairt do scoláirí atá ag fágáil na sraithe sóisearaí, ó thús na chéad scoilbhliana eile (2025/26) agus tá siad leagtha amach mar ábhair *ab initio*.

Tugtar soiléiriú breise i gcás an Léinn Ghiúdaigh. Ní mhúintear an t-ábhar seo ach i scoil amháin sa stát, cé go ndéanann líon beag scoláirí an cúrsa agus an scrúdú lasmuigh de chomhthéacs na scoile

freisin. Tugadh cuairt ar an scoil sin mar chuid den chomhairliúchán. Ní mór an t-aiseolas a tugadh a mheas sa chomhthéacs ar leith sin.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19

Bhí an chéad chohórt de scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíochtaí Chéim 5 den tSraith Shóisearach ceaptha a dtrí bliana staidéir a chur i gcrích i mí an Mheithimh 2022. I mí Aibreáin 2020, agus mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim Covid-19, cuireadh scrúduithe uile na Sraithe Sóisearaí ar ceal.  As sin go gceann trí bliana, cuireadh socruithe measúnaithe malartacha i bhfeidhm mar gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

I gcás an Oideachais Reiligiúnaigh, an Léinn Chlasaicigh agus an Léinn Ghiúdaigh, níor ghá ach MRB amháin a chur i gcrích. Níor ghá an Tasc Measúnaithe a chríochnú. Reáchtáladh an chéad scrúdú stáit ar shonraíochtaí Chéim 5 den tSraith Shóisearach i mí an Mheithimh 2022.

I bhfógra ón Aire Oideachais a bhí ann ag an am ar an 17 Aibreán 2024, soiléiríodh go mbeadh na coigeartuithe measúnaithe, atá i bhfeidhm ó 2022 maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ann go fóill do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí in 2025 agus 2026.

## Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach

Tabharfar isteach sonraíochtaí ábhair athfhorbartha le haghaidh Léann Clasaiceach agus Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta sa churaclam agus i scoileanna in 2029. Cuirfear an Léann Eabhrach le sonraíocht an Oideachais Reiligiúnaigh athfhorbartha, agus cuirfear deireadh le hábhar ar leith an Léinn Eabhraigh ag an am sin.

## Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15)

Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar CdSS15 i ndeireadh 2020. Is é is aidhm leis an staidéar ceithre bliana sin, bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta, ná dearcthaí múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar CdSS15. Mar staidéar fadaimseartha, rinneadh iniúchadh ar thaithí na scoileanna in imeacht tréimhse ceithre bliana, d'fhonn castacht, dúshláin agus rath i rith CdSS15 a chur i bhfeidhm a ghabháil. Ba thaighde iltoiseach, inar úsáideadh modhanna measctha é seo, a bhí

idir lámha ag foireann taighde Ollscoil Luimnigh thar ceann CNCM. Go dtí seo, foilsíodh ceithre thuarascáil eatramhacha agus tá an tuarascáil deiridh le foilsiú in 2025. Is féidir teacht ar na tuarascálacha eatramhacha anseo: Tionscadal Náisiúnta na Sraithe Sóisearaí | Ollscoil Luimnigh

Beidh torthaí an staidéir sin, in éineacht le torthaí na sraithe athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath ábhair agus ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí, ina gcabhair iontach chun tacú le hobair leanúnach na scoileanna le CdSS15 agus chun eolas a dhéanamh d'obair CNCM chun athchuairt a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin.Lena chois sin, bailíodh eolas tábhachtach mar chuid den staidéar, a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a mbeidh gá machnamh a dhéanamh air in éineacht leis na léargais ón athbhreithniú seo nuair a sceidealófar athfhorbairt ar ábhair Chéim 5 den tSraith Shóisearach.

# 3. Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Tá tuairimí a lorg ó mhúinteoirí, scoláirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ar an gcuraclam a chur i bhfeidhm ar cheann de phríomhchuspóirí an phróisis athbhreithnithe. Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023 - 2026) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

Tugtar breac-chuntas ar na réimsí treorach agus na hábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú i dTábla 1 thíos.

| Réimse | Ábhair iniúchta |
|---|---|
| Ag obair leis an tsonraíocht | Aidhm na sonraíochta a bhaint amach<br>Ag obair le torthaí foghlama<br>Pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú<br>Rúin foghlama agus critéir ratha a úsáid |
| Measúnú | Measúnú do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)<br>Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)<br>Léargas ar úsáid samplaí d'obair scoláirí<br>An measúnú deiridh |
| Creat don tSraith Shóisearach | Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú<br>An tAistriú go dtí an tSraith Shinsearach<br>Ionchuimsiú |

**Tábla 1: Réimsí agus ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú**

## Cur chuige modheolaíoch

Rinneadh an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo ó mhí na Samhna 2024 go mí Feabhra 2025 de réir leagan amach a chomhaontaigh an Chomhairle agus an Bord don tSraith Shóisearach

le haghaidh athbhreithnithe cosúla ar chur i bhfeidhm luath ar ábhair na Sraithe Sóisearaí i gCéim 1 agus 2 (Béarla, Eolaíocht agus Gnó) agus i gCéim 3 (Amharc-ealaín agus Nuatheangacha Iasachta), agus i gCéim 4 (Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol). Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- cuairteanna scoile chun dearcthaí agus taithí múinteoirí agus scoláirí ón 2 - 6 bliain a ghabháil
- suirbhé ar líne
- aighneachtaí scríofa.

Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus na hagallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí, bunaithe ar thacar de réimsí agus topaicí treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Chabhraigh sé sin chun téamaí sna sonraí a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú.

## Cuairteanna scoile

Roghnaíodh sampla scoileanna chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, a roghnaíodh ar an gcéad ásc ó na scoileanna sin a d'fhreagair roimhe seo ar ghlao oscailte ar léirithe spéise maidir le páirt a ghlacadh i bpróisis chomhairliúcháin CNCM. Roghnaíodh scoileanna a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin faoin Oideachas Reiligiúnach ón liosta sin.

I gcás an Léinn Chlasaicigh, ní raibh an Léann Clasaiceach ar fáil don tSraith Shóisearach ach i scoil amháin ar an liosta sin. Dá bhrí sin, roghnaíodh cúig scoil eile, ar cineálacha éagsúla scoile iad, ionas go mbeadh sampla srathaithe ann. I gcás an Léinn Ghiúdaigh, níl an Léann Giúdach ar fáil ar an gcuraclam ach i scoil amháin sa stát. Ba í an scoil sin príomhchúram an chomhairliúcháin.

Bhí dhá fhócasghrúpa sna cuairteanna scoile le scoláirí ón $2^{Ú}$ go $6^{Ú}$ bliain, agus an múinteoir/na múinteoirí ábhair ábhartha. Bhí 6 chuairt scoile ann **do gach ábhar** san athbhreithniú, seachas don Léann Giúdach.

## Suirbhé ar líne

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a bhí ag iarraidh a gcuid taithí ar ábhar chéim 5 den tSraith Shóisearach a roinnt.  Roinneadh é sin ar líne trí www.ncca.ie, www.curriculumonline.ie, agus ar fud ardáin meán sóisialta CNCM. Leagtar amach i dTábla 2 na freagraí a fuarthas i leith gach ábhair.

| Ábhar | Aighneachtaí ar líne | Múinteoirí | Scoláirí | Lucht Bainistíochta |
|---|---|---|---|---|
| Oideachas Reiligiúnach | 17 | 12 | 53 | 7 |
| An Léann Clasaiceach | 3 | 10 | 45 | 5 |
| An Léann Giúdach | 0 | 2 | 8 | 1 |

**Tábla 2: Achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas agus na múinteoirí / scoláirí / ceannairí scoile a ndeachthas i gcomhairle leo**

## Aighneachtaí i scríbhinn

Bhí cuireadh oscailte d'aighneachtaí i scríbhinn ar www.ncca.ie, a roinneadh go díreach lenár bpáirtithe oideachasúla. Fuarthas na haighneachtaí a leanas do gach ábhar:

- Oideachas Reiligiúnach: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide, Chester Beatty, Brian Courtney
- An Léann Clasaiceach: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide
- An Léann Giúdach: Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Comhairle Talmud Tórá Bhaile Átha Cliath.

# 4. Aiseolas ón athbhreithniú

Tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an athbhreithnithe sa chuid seo. Chuir na réimsí treorach don phlé a úsáideadh i gcaitheamh an athbhreithnithe (Tábla 1) anailís an aiseolais a fuarthas le chéile. Tá an cur i láthair a leanas bunaithe ar dhearcadh scoláirí, múinteoirí, lucht bainistíochta scoile agus páirtithe leasmhara gach ábhair a bhreithniú, lena n-áirítear aiseolas a eascraíonn as cuairteanna scoile, freagraí ar líne agus aighneachtaí scríofa. Faigheann scoláirí agus múinteoirí taithí ar go leor gnéithe den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh roinnt gnéithe coiteanna thar na réimsí aiseolais soiléir thíos.

## Aidhmeanna na sonraíochtaí a bhaint amach

| Aidhm don ábhar: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar |
|---|
| **Oideachas Reiligiúnach** |
| San aiseolas comhairliúcháin, d'aontaigh scoláirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara go bhfuil an Aidhm, mar atá leagtha amach i sonraíocht Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí, á cur i gcrích agus á cur i bhfeidhm tríd an teagasc agus tríd an bhfoghlaim. Luaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin go minic go bhfuil 'litearthacht reiligiúnach' á fáil ag na scoláirí agus go bhfuil siad ag éirí níos feasaí ar reiligiúin agus ar dhearcthaí domhanda éagsúla agus go bhfuil meas níos mó acu orthu. Labhair siad freisin faoi scoláirí a bheith in ann imeachtaí reatha agus saincheisteanna morálta a phlé agus machnamh a dhéanamh orthu, agus ábharthacht na dtéamaí reiligiúnacha sa chultúr san am atá thart agus sa chultúr comhaimseartha a thabhairt faoi deara. Ba ghné sheasmhach san aiseolas comhairliúcháin é an fhéidearthacht a bhain le haidhm Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí a bhaint amach chun tacú le folláine an scoláire agus le forbairt príomhscileanna. |
| **An Léann Clasaiceach** |
| Is léir ón aiseolas comhairliúcháin gur aontaigh scoláirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile go raibh an Aidhm atá leagtha amach i sonraíocht Léann Chlasaiceach na Sraithe Sóisearaí á cur i gcrích agus gur tugadh deiseanna do scoláirí léargas a fháil ar ghnéithe éagsúla den domhan clasaiceach. Léirigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin gur tacaíodh sa tsonraíocht le scoláirí gnéithe den domhan ársa a fhiosrú agus iad a nascadh lena dtaithí féin ar an domhan nua-aimseartha. Mhol na freagróirí an bhéim ar an smaointeoireacht chriticiúil agus ar an gcruthaitheacht, agus luadh go minic gur cuireadh leis an taithí foghlama agus teagaisc araon leis na |

deiseanna chun eolas agus tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar shibhialtachtaí ársa trí thascanna praiticiúla.

**An Léann Giúdach**

San aiseolas comhairliúcháin, d'aontaigh scoláirí agus múinteoirí gur bhain Léann Giúdach na Sraithe Sóisearaí a chroí-aidhm amach maidir le tuiscint a chothú ar gach réimse den Ghiúdachas agus ar an gcaoi ar mhúnlaigh an Giúdachas imeachtaí le himeacht ama, agus an chaoi ar múnlaíodh é de bharr na n-imeachtaí. Labhair siad freisin faoin gcaoi a bhforbraítear scileanna idirphlé, díospóireachta agus oscailteachta i leith dearcthaí éagsúla mar gheall ar an Léann Giúdach, chomh maith le scileanna agus dearcthaí atá tábhachtach chun maireachtáil i ndomhan ilchultúrtha.

## Ag Obair le Torthaí Foghlama

**Torthaí Foghlama: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Aontaíodh tríd is tríd go gcuirtear in iúl sna torthaí foghlama an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna is tábhachtaí le sealbhú laistigh d'Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí. Measadh go raibh na torthaí foghlama scoláire-lárnaithe, ábhartha agus tarraingteach. Leagadh béim ar an gcaoi a dtacaíonn na torthaí foghlama leis an bhfoghlaim ó dhearcadh ilchreidimh mar ghné thábhachtach den fhoghlaim. Measadh go raibh an fócas ar luachanna a aithint agus ar chinnteoireacht mhorálta a scrúdú laistigh de Shnáithe 3 an-tábhachtach i saol an lae inniu. Is minic a luaigh scoláirí ábharthacht na dtorthaí foghlama dá saol agus bhain siad taitneamh as na deiseanna a tugadh dóibh chun 'ceisteanna móra' a phlé ó pheirspictíochtaí éagsúla.

Thug roinnt múinteoirí faoi deara go mbíonn na torthaí foghlama níos fealsúnaí laistigh de Shnáithe 2 dúshlánach do scoláirí, toisc go bhfuil gá le scileanna machnaimh agus smaointeoireachta criticiúla i dtaca leo sin. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le torthaí foghlama, ina n-iarrtar ar scoláirí 'sintéisiú' a dhéanamh nó foghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla nó i gcomhthéacsanna nach bhfuil cur amach acu orthu a bheith dúshlánach.

Cé go raibh roinnt múinteoirí sásta le líon na dtorthaí foghlama agus lena soiléireacht, bhraith múinteoirí eile go raibh an iomarca torthaí foghlama ann. Bhí an tuiscint sin ar 'an iomarca' nasctha i gcásanna áirithe le téacsleabhair fhada a leanúint agus le mothú faoi bhrú chun an leabhar a chríochnú.

Mhol rannpháirtithe i roinnt aiseolais go mbeadh stiúir nó treoir bhreise ina gcúnamh le haghaidh líon beag torthaí foghlama, a mheas siad a bheith an-leathan. Sa chomhthéacs sin, is minice a sainaithníodh na torthaí foghlama seo a leanas: TF 1.4, áit ar cheart go mbeadh scoláirí in ann *iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi inar chuir an Chríostaíocht le cultúr agus oidhreacht na hÉireann*, agus TF 3.6, áit ar cheart go mbeadh scoláirí in ann *díospóireacht a dhéanamh faoi shaincheist mhorálta a thagann chun cinn ina shaol féin agus machnamh a dhéanamh faoi na cúiseanna taobh thiar de dhá dhearcadh éagsúla ar an gceist*. Thug scrúdaitheoirí CSS dá n-aire leibhéil ísle freagartha ar cheisteanna a bhaineann le TF 1.4, a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil deacracht ag baint leis an toradh foghlama sin.

Ar an iomlán, dearbhaítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go gcuimsítear foghlaim thábhachtach ar fud na dtrí shnáithe i dtorthaí foghlama na sonraíochta maidir le hOideachas Reiligiúnach; go bhfuil na torthaí foghlama inrochtana agus ábhartha do scoláirí agus go n-éascaítear an tsolúbthacht agus an rogha leo, agus an teagasc agus an fhoghlaim á pleanáil.

**An Léann Clasaiceach**

Mheas formhór na bhfreagróirí gur cuireadh in iúl an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna is gá chun dul i ngleic le sonraíocht Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí sna torthaí foghlama. Mheas múinteoirí gur thug na torthaí foghlama deis do scoláirí dul i ngleic leis an bhfoghlaim ar ardchaighdeán, áit ar tacaíodh leo chun cineál agus tábhacht shainiúil shaol na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe a aithint agus a léirthuiscint. Bhí comhaontú ginearálta ann go raibh líon na dtorthaí foghlama oiriúnach agus go raibh siad inrochtana, soiléir agus solúbtha. Thug múinteoirí le fios go bhféadfaidís idirghabhálacha oideolaíocha éagsúla a phleanáil mar gheall ar chineál agus fairsinge na dtorthaí foghlama, chun cabhrú le scoláirí dul i ngleic leis an bhfoghlaim faoin domhan ársa ar bhealaí fiúntacha agus cuiditheacha.

Luaigh roinnt freagróirí go mbeadh mionghluais de fhocail/téarmaí Laidine agus Sean-Ghréigise úsáideach, mar tugadh faoi deara go raibh sé deacair ar roinnt scoláirí tuiscint a fháil ar fhocail agus téarmaí áirithe i mBéarla. Chuir freagróirí in iúl go raibh imní orthu faoi líon na n-ainmneacha laistigh de mhiotaseolaíocht na Gréige ba ghá cuimhneamh orthu. Chuir na scoláirí an imní sin in iúl nuair a labhair siad faoin méid 'inneachar' ba ghá dóibh cuimhneamh air, agus cé gur bhain siad taitneamh as a rannpháirtíocht leis na miotais agus na finscéalta, mhol siad go bhféadfadh an ghné sin den tsonraíocht díriú ar níos lú scéalta, rud a d'fhéadfadh níos mó ama a thabhairt dóibh a miotais agus a bhfinscéalta féin a chumadh.

Dúirt roinnt freagróirí go raibh cuid de na torthaí foghlama beagán leathan. Mar shampla, ba dhúshlán do roinnt múinteoirí é TF 1.6, áit ar cheart go mbeadh scoláirí in ann *móitífeanna, téama, luachanna agus teachtaireachtaí na miotas a fhiosrú*, ó thaobh cé mhéad miotas a bhí le hiniúchadh. In TF 2.7, áit ar cheart go mbeadh scoláirí in ann *cinntí agus gníomhartha Aichill a mheas i gcomparáid le cinntí agus gníomhartha laochra eile san Íliad*, ní raibh roinnt múinteoirí cinnte cén leibhéal meastóireachta a bhí ag teastáil.

Chreid páirtithe leasmhara eile sa chomhairliúchán (seachas múinteoirí agus scoláirí) gur éiríodh, den chuid is mó, le fís leathan a chur in iúl sna torthaí foghlama d'fhoghlaim na scoláirí. Luadh go raibh an teanga a úsáideadh soiléir agus inrochtana maidir leis an méid ba cheart a bheith ar eolas ag na scoláirí, an méid ba cheart dóibh a thuiscint agus an méid ba cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh, agus go raibh aidhm fhoriomlán na sonraíochta corpraithe go cuimsitheach ar fud na dtorthaí foghlama. Luadh freisin gur fhág na torthaí foghlama gur féidir réimse cumas agus scileanna scoláirí a aithint. Sa chomhthéacs sin, moladh an fócas ar na scoláirí ag plé le téacsanna scríofa, íomhánna amhairc agus déantúsáin fhisiciúla. Moladh gur gabhadh samhlaíocht na scoláirí, maidir leis an mbealach a dtéann siad i ngleic leis an bhfoghlaim, agus samhlaíocht na múinteoirí araon, maidir leis an mbealach a léirmhíníonn siad na torthaí foghlama, mar gheall gur bogadh ar aghaidh ón bhfoghlaim de ghlanmheabhair go dtí próiseas foghlama níos eispéireasaí. Dúirt na freagróirí go raibh na torthaí foghlama solúbtha agus cuimsitheach agus gur fhág siad gur féidir scileanna praiticiúla agus eolas teibí a chomhtháthú ar bhealach fiúntach. Tugadh aird freisin ar roghanna foghlama na scoláirí a bhí ag plé leo.

**An Léann Giúdach**

Tugtar le fios san aiseolas comhairliúcháin go ndéantar foráil leis na torthaí foghlama i sonraíocht an Léinn Ghiúdaigh maidir le foghlaim thábhachtach ar fud na dtrí shnáithe. D'aontaigh na múinteoirí go n-oibríonn na trí shnáithe go maith le chéile. Shíl na scoláirí go raibh an fhoghlaim suimiúil agus ábhartha agus cé go raibh roinnt scoláirí ag plé le Snáithe 3 le níos lú díograis (Téacsanna Diaga) ná leis an dá shnáithe eile, mheas na múinteoirí go raibh Snáithe 3 tábhachtach chun tuiscint a fháil ar an nGiúdachas.

I measc na réimsí foghlama is maith le múinteoirí agus scoláirí dul i ngleic leo go háirithe, tá: an tUileloscadh; ceisteanna eiticiúla; agus gnéithe de shaol agus de chultúr na nGiúdach.

Ar an iomlán, cheap múinteoirí go raibh na torthaí foghlama soiléir agus cabhrach maidir le pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim. Measadh go raibh TF 1.1 an-leathan (inar cheart go mbeadh scoláirí in ann amlíne a thógáil de phríomhdhaoine agus d'imeachtaí / de thráthanna i stair an

Ghiúdachais lena gcuimsítear an scéal bunaidh, an Diaspóra agus na himeachtaí suas go dtí an lá atá inniu ann, agus a bheith in ann tábhacht na bpríomhdhaoine agus na n-imeachtaí / na dtráthanna a roghnaíodh a mhíniú). Seachas sin, ní raibh aon aiseolas criticiúil ann maidir leis na torthaí foghlama.

## Pleanáil d'Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú

**Pleanáil d'fhoghlaim, do theagasc, do mheasúnú agus do thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Thug rannpháirtithe an chomhairliúcháin le fios go raibh pleanáil chomhoibríoch san Oideachas Reiligiúnach ag tarlú i scoileanna. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfadh an phleanáil a bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. D'fhéadfadh an phleanáil a bheith leathan ó thaobh raon feidhme de, mar shampla, plé ginearálta faoi chuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama nó cinntí faoi théacsleabhair, nó d'fhéadfaí díriú sa phleanáil ar scéimeanna oibre agus scrúduithe scoilbhunaithe a chomhaontú. I roinnt scoileanna, choinnigh múinteoirí spás comhroinnte ar líne inar chomhoibrigh siad chun acmhainní a fhorbairt agus a chomhroinnt.

Thug cigirí roinnt dea-chleachtas faoi deara i bpleananna ábhair, lena n-áirítear forbairt aonad foghlama le cur chuige trasthopaice. I gcás fhormhór na múinteoirí, ní fadhb mhór iad na dúshláin luatha níos mó, a bhaineann le téarmaíocht phleanála – aonaid foghlama, torthaí foghlama, rúin foghlama, critéir ratha. I gcás roinnt daoine, réitíodh an fhadhb sin trí leas a bhaint as na haonaid foghlama mar atá leagtha amach sa téacsleabhar. I gcomhthéacsanna eile, cuireadh le muinín na múinteoirí de réir mar a d'fhorbair siad a n-aonaid foghlama féin ag baint úsáid as na torthaí foghlama. Luaigh múinteoirí a raibh an deis acu freastal ar imeachtaí foghlama gairmiúla leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí/Oide go raibh siad níos compordaí ag baint úsáid as na torthaí foghlama don phleanáil, i gcomparáid leo siúd nach raibh an deis chéanna acu.

Is léir gur bhain go leor múinteoirí úsáid as téacsleabhair chun a bpleanáil a threorú agus luadh sa chomhairliúchán seo go raibh roinnt deacrachtaí leis an gcur chuige seo. Mar shampla, níor pléadh maith go leor le torthaí foghlama áirithe i roinnt téacsleabhar, nó tugadh léirmhíniú cúng ar thoradh foghlama. Luadh, dá mbeifí ag brath an iomarca ar na téacsleabhair, nach mbeadh an fhoghlaim chomh hábhartha céanna, toisc go ndéantar staidéar ar shamplaí agus ar scéalta sa téacsleabhar in

ionad samplaí níos ábhartha agus níos áitiúla atá oiriúnach do chomhthéacs na scoláirí féin. Luaigh páirtithe leasmhara go bhféadfadh roinnt múinteoirí tairbhe a bhaint as tacaíocht foghlama gairmiúla, chun cabhrú leo na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an tsonraíocht seo a thabhairt faoi deara agus bogadh ar aghaidh ó staidéar a dhéanamh ar shamplaí socraithe atá sa téacsleabhar.

Bhí meas ag múinteoirí ar dheiseanna chun comhoibriú le múinteoirí eile, bíodh sin le comhghleacaithe ar scoil nó i suíomhanna eile.

**Rúin foghlama agus critéir ratha**

Go ginearálta, d'aithin múinteoirí úsáideacht na rún foghlama. Baineadh úsáid as critéir ratha ar leibhéil éagsúla nuair a bhí píosaí oibre á sannadh. Labhair roinnt múinteoirí agus a gcuid scoláirí go han-dearfach faoina dtaithí ar aiseolas foirmitheach a thabhairt agus a fháil mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú leanúnach.

**An Léann Clasaiceach**

Leag múinteoirí béim ar an easpa téacsleabhair san ábhar seo, agus go raibh orthu machnamh a dhéanamh ar réimse leathan cur chuige maidir le pleanáil ábhair a fhorbairt dá bharr sin. Dhírigh múinteoirí go mór ar na torthaí foghlama chun scéimeanna oibre a fhorbairt agus chun acmhainní a chruthú. Sna scoileanna ina raibh níos mó ná múinteoir amháin don Léann Clasaiceach, measadh go raibh comhoibriú ríthábhachtach don phróiseas pleanála. Dúirt freagróirí go moltach go bhféadfaí aonaid oibre a chur in oiriúint do leasanna agus láidreachtaí na scoláirí mar gheall ar sholúbthacht na dtorthaí foghlama scoláire-lárnaithe, rud a d’fhág gurbh fhéidir cumas gníomhúcháin na scoláirí a fhorbairt chomh maith leis an mbraistint go raibh seilbh acu ar an méid a bhí á fhoghlaim acu. Ina theannta sin, luaigh freagróirí go raibh deiseanna ann, laistigh den phróiseas pleanála, tacú le scoláirí príomhscileanna na sraithe sóisearaí agus scileanna inaistrithe a fhorbairt, a raibh tábhacht ag baint leo lasmuigh den ábhar féin freisin. I measc na scileanna sin, bhí: an smaointeoireacht chriticiúil, an chruthaitheacht, agus an obair i gcomhar le chéile. Luadh freisin, áfach, go raibh go leor le foghlaim i Snáithe 1 chun na torthaí foghlama a bhaint amach, agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar an méid ama a chaitear ag plé le Snáithe 2 nó 3.

Ba léir freisin ó fhreagróirí go raibh an deis chun comhoibriú teoranta toisc gur roinn aon mhúinteora amháin a bhí in go leor scoileanna. Luaigh go leor múinteoirí gur foinse an-suntasach tacaíochta é Cumann Clasaiceach na hÉireann – Múinteoirí (CAI-T) agus Oide, agus mheas siad go raibh an-tairbhe ag baint leis na hacmhainní a d’fhorbair na comhlachtaí sin, ó thaobh pleanála de.

**Rúin Foghlama agus Critéir Ratha**

Dúirt múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile sa chomhairliúchán seo gur cuireadh creat láidir seasmhach ar fáil leis na torthaí foghlama, chun rúin shoiléire foghlama a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí sa seomra ranga. Agus iad ag díriú ar scileanna agus ar choincheapa seachas ar inneachar amháin, mhol múinteoirí go bhféadfaidís scoláirí a spreagadh chun dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach níos fónta. Luaigh roinnt múinteoirí freisin go ndearna a gcuid scoláirí cuid de na tascanna a chomhdhearadh, chomh maith le hionchuir a bheith acu sna critéir ratha do na tascanna sin.

I gcomhthéacs na pleanála, luaigh múinteoirí gur mhaith leo go mbeadh tionchar acu ar dhearadh na forbartha gairmiúla a sholáthraíonn Oide, ó tharla nach bhfuil ach grúpa beag múinteoirí ann don ábhar. Molann múinteoirí go bhfeabhsófaí eispéiris foghlama agus teagaisc na scoláirí agus na múinteoirí araon dá ndéanfaí an fhoghlaim ghairmiúil atá beartaithe a ailíniú lena riachtanais shonracha.

Maidir leis na scoláirí sin atá i mbun staidéar ar theanga chlasaiceach i Snáithe 3, luaigh múinteoirí go mbaineann scoláirí taitneamh as Béarla a aistriú go Laidin, agus go mbraitheann siad go bhfuil siad tar éis rud éigin a bhaint amach ina dhiaidh sin. Luadh freisin go mbíonn scoláirí lán muiníne i ndiaidh dóibh abairtí bunúsacha a chumadh agus go dtacaítear lena bhfeasacht ar ghnéithe gramadaí, mar shampla, struchtúr abairtí, fo-chlásail, agus deirí na dtuiseal, rud a bhí ríthábhachtach ina dhiaidh sin chun tacú lena léirthuiscint ar theangacha eile chomh maith.

Luaigh na scoláirí freisin gur bhain siad taitneamh as an aistriúchán go ginearálta, agus cé go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach, go raibh go leor scóipe le foghlaim ó bhotúin agus gurbh fhéidir dul chun cinn a dhéanamh dá bharr sin. Cé gur luaigh scoláirí go mb'fhéidir nach dtaitneodh an ghramadach le roinnt daoine, d'fhéadfaí an fhoghlaim faoi ghnéithe ar nós rialacha gramadaí agus na poncaíochta a úsáid agus staidéar á dhéanamh ar nuatheangacha eile. Luadh gur chabhraigh staidéar na Laidine le tuiseal tabharthach agus tuiseal ginideach na hÉireann a thuiscint. Luaigh scoláirí, áfach, go mbeadh liosta stór focal nó gluais ina dtacaíocht bhreise thábhachtach agus go dtabharfadh sé soiléireacht agus muinín bhreise dóibh.

## An Léann Giúdach

### Pleanáil

Tá deiseanna teoranta ann do mhúinteoirí an Léinn Ghiúdaigh comhoibriú le múinteoirí eile, mar gheall ar an líon beag scoláirí atá ag gabháil don Léann Giúdach, cé gur cinnte go bhfuil comhoibriú le feiceáil in obair na múinteoirí a ndeachthas i gcomhairle leo san athbhreithniú seo. Mar sin féin,

tá tobar acmhainní forbartha ag múinteoirí an Léinn Ghiúdaigh leis na blianta agus baineann siad leas as a dtaithí ar an bpeanáil don teagasc agus don fhoghlaim in ábhair eile.

**Príomhscileanna**

Luaigh múinteoirí agus scoláirí príomhscileanna na sraithe sóisearaí sa chomhairliúchán. Luaigh scoláirí agus múinteoirí araon go spreagtar neart plé sa chúrsa, trína bhfoghlaimíonn scoláirí conas díospóireacht oscailte a bheith acu agus machnamh a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla. Forbraíonn siad scileanna freisin a bhaineann le tuairimí a chur in iúl agus a gcreideamh a shoiléiriú. Bhraith na scoláirí freisin gur fhorbair siad scileanna óráidíochta poiblí trína gcuid MRBanna agus trí thionscadail ranga eile a chur i láthair.

## Measúnú

Breithnítear sa chuid seo den tuarascáil aiseolas ó fhreagróirí ar an measúnú. Breithnítear an measúnú maidir le ceithre ghné:

- Measúnú Leanúnach
- Measúnuithe Rangbhunaithe
- Treoirlínte measúnaithe, samplaí d'obair scoláirí agus cruinnithe Measúnaithe agus Athbhreithnithe ar Fhoghlaim Ábhair (SLARanna)
- Socruithe scrúdaithe deiridh.

Tá na gnéithe seo bunaithe ar an gcur chuige déach maidir le measúnú sa tsraith shóisearach, a ceapadh chun tacú le foghlaim an scoláire i rith thrí bliana na sraithe sóisearaí agus chun gnóthachtáil a thomhas ag deireadh na dtrí bliana sin. Táthar ag súil go laghdófar an bhéim a chuirtear ar an scrúdú deiridh leis an gcur chuige déach sin, agus go mbeidh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) agus an measúnú foirmitheach ní ba thábhachtaí. Tagann an t-athrú béime sin ón aitheantas go bhfoghlaimíonn na scoláirí sa bhealach is fearr nuair a chuireann na múinteoirí aiseolas ar fáil a chuidíonn leis na scoláirí tuiscint a fháil ar conas is féidir leo a bhfoghlaim a fheabhsú, de réir mar a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015.

Tugtar do d'aire gur fhógair an tAire McEntee athruithe ar bhandaí grád na Sraithe Sóisearaí an 22 Aibreán 2025. Fógraíodh go mbeadh an líon céanna bandaí grád ann agus a bhí ann roimhe seo, ach go ndáilfear na ceithre thuairisceoir grád is fearr (Pas le Gradam, Ardtuillteanas, Tuillteanas, agus Gnóthaithe) go cothrom i mbandaí pointí 15 faoin gcéad. Rinneadh an cinneadh sin tar éis an

t-athbhreithniú reatha a dhéanamh, mar sin ba cheart an t-aiseolas a thuairiscítear sa chuid seo a leanas a chur sa chomhthéacs sin.

**Measúnú Rangbhunaithe: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Is cineál coitianta measúnaithe sa seomra ranga fós é trialacha a dhéanamh ag deireadh topaice. Cé go ndúirt roinnt múinteoirí gur bhraith siad go mór ar cheisteanna ó scrúduithe a rinneadh roimhe le haghaidh measúnú sa seomra ranga, go háirithe sa 3ú bliain, bhí fianaise ann freisin go raibh cleachtais mheasúnaithe fhoirmithigh níos ilchineálaí le fáil i roinnt scoileanna. I roinnt cásanna, labhair múinteoirí faoi úsáid Aipeanna chun tacú le gníomhaíochtaí measúnaithe sa seomra ranga.

<u>MRBanna – aiseolas ginearálta</u>

Ar fud an chomhairliúcháin, moladh MRB1 agus MRB2 mar mheasúnuithe atá thar a bheith tarraingteach agus a thacaíonn le foghlaim fhiúntach. Áiríodh le príomhbhuntáistí MRBanna an Oideachais Reiligiúnaigh a luadh rogha agus solúbthacht a chur ar fáil; an fhoghlaim féintreoraithe a éascú i dtaca le topaicí spéise; agus tacú le forbairt raoin príomhscileanna.

<u>MRB1 – Duine tiomanta</u>

Dúirt go leor scoláirí agus múinteoirí gur 'breá' leo MRB1. Is minic a dúirt scoláirí gurb é seo an ceann is fearr leo, i gcomparáid le MRBanna in ábhair eile. Dúirt siad gur thaitin leo an rogha a cuireadh ar fáil leis chomh maith lena raon maidir le cruthaitheacht. Luaigh siad go raibh an chruthaitheacht sin le feiceáil i raon leathan na ndaoine a roghnaigh na scoláirí mar fhócas MRB1. Chomh maith leis na scileanna a fhorbairt a bhaineann le MRBanna de ghnáth (amhail scileanna taighde agus cur i láthair), luaigh roinnt scoláirí freisin gur chuidigh an taighde ar an duine a roghnaigh siad leo ionbhá a fhorbairt, óir trína gcuid taighde fuair siad níos mó tuisceana ar na heispéiris saoil, na gníomhartha agus na cinntí de chuid duine eile, agus bhí léirthuiscint níos doimhne acu ar na tosca casta a chuaigh i bhfeidhm ar na roghanna agus cinntí a rinne daoine eile.

<u>MRB2 – Tóraíocht bhrí an duine</u>

Ní raibh formhór na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán tar éis tabhairt faoi MRB2 cheana (mar gheall ar na hathruithe ar na socruithe measúnaithe i ndiaidh phaindéim Covid-19). Mar ábhar spéise, chinn roinnt múinteoirí an dara MRB seo a dhéanamh toisc go bhfaca siad go bhféadfadh foghlaim fhiúntach agus rannpháirtíocht na scoláirí a bheith i gceist leis. Thaitin a raon

maidir le cruthaitheacht agus naisc thraschultúrtha (le hEalaín agus Stair, mar shampla) go háirithe leo.

Treoirlínte Measúnaithe, samplaí d'obair agus AFMÁnna

I gcruinnithe comhairliúcháin, dúirt múinteoirí go raibh na Treoirlínte Measúnaithe agus samplaí d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie an-úsáideach. Mar sin féin, le himeacht aimsire níor bhraith siad ar na samplaí anótáilte an oiread sin toisc go raibh a dtaisce samplaí féin tiomsaithe acu, taisce a dhí-ainmnigh siad agus a roinn siad lena scoláirí le caighdeán a léiriú agus le smaointe a spreagadh. Thuairiscigh múinteoirí chomh maith go raibh na cruinnithe AFMÁ ina ndeiseanna dearfacha le haghaidh comhoibriú gairmiúil agus gur chuidigh siad le tuiscint chomhroinnte a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le MRBanna, agus ar chaighdeáin i gcoitinne.

Bhain pointe amháin aiseolais chriticiúil, a léirigh na múinteoirí, leis an easpa aitheantais a bhraith siad maidir le hiarrachtaí na scoláirí nuair nár bronnadh marc céatadáin ar an obair sa toradh deiridh. Sin ráite, d'aithin roinnt múinteoirí go ndeachaigh sé chun tairbhe na scoláirí nár bronnadh céatadán toisc gur shíl siad gur laghdaigh sé sin an brú a bhí orthu. Ní raibh an oiread sin imní ar scoláirí i gcruinnithe fócasghrúpa maidir le marc céatadáin a fháil, toisc gurb é an rud is tábhachtaí dóibh ná páirt a ghlacadh i dtionscadail thaitneamhacha agus rogha agus úinéireacht a bheith acu i dtaca lena bhfoghlaim.

Scrúdú scríofa

De ghnáth thuairiscigh múinteoirí go bhfuil feabhas curtha ar scrúdpháipéar Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí in imeacht na mblianta, agus úsáid mhaith leideanna amhairc agus meascán maith de chineálacha ceisteanna ann chun rochtain agus dúshlán a chur ar fáil do scoláirí le raon inniúlachtaí.

Measadh trí chéile go raibh an scrúdú scríofa inrochtana agus cóir. De réir an chomhthéacs, shíl roinnt múinteoirí agus scoláirí go raibh roinnt ceisteanna ar an scrúdú ródheacair ach i gcomhthéacsanna eile bhí siad in amhras faoi cé acu a bhí na ceisteanna sách deacair nó nach raibh. Uaireanta dúirt scoláirí agus múinteoirí go raibh an teanga sna ceisteanna scrúdaithe ábhairín doiléir, agus mar gheall air sin nach raibh siad cinnte faoina raibh i gceist go díreach, agus faoi cé mhéad mionsonraí a bhí ag teastáil sna freagraí. Mhol siad go mbeadh marcanna ar an bpáipéar le haghaidh gach ceiste ina leid úsáideach maidir le cé mhéad ama ar cheart a chaitheamh ar gach ceist. Ba spéisiúil gur léir nár measadh go raibh Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) tábhachtach do na scoláirí.

**An Léann Clasaiceach**

Ba ghné spéise ón gcomhairliúchán ar mheasúnú an bhéim mhéadaithe a cuireadh ar chleachtais mheasúnaithe fhoirmithigh a bhí le feiceáil i gcuir chuige oideolaíochta na múinteoirí. Mhol múinteoirí gur chuir an MRB sa dara bliain tagarmharc cuí ar fáil maidir le tuairisciú ar dhul chun cinn na scoláirí do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Luaigh múinteoirí tionchar dearfach an aiseolais fhoirmithigh agus iad i mbun plé lena scoláirí. D'aontaigh scoláirí leis sin agus iad ag rá go raibh an t-aiseolas foirmitheach úsáideach chun bealaí a fháil lena gcuid oibre a fheabhsú, cé gur mhaith leo marc a fháil uirthi.

**MRBanna – Aiseolas Ginearálta**

Luaigh freagróirí an chomhairliúcháin seo gur bhain siad taitneamh as na MRBanna. Shíl na scoláirí go háirithe go raibh an MRB úsáideach chun cuidiú leo a scileanna taighde, fiosrúcháin agus cur i láthair a fhorbairt. Bhí éagsúlacht agus solúbthacht maidir le téamaí a d'fhéadfaí a roghnú ina bpríomhthosca i dtaca leis an bhfáth a raibh tóir ar na MRBanna. Dúirt múinteoirí go raibh na MRBanna ríthábhachtach do thuiscint na scoláirí ar ghnéithe difriúla den chúrsa. Luaigh múinteoirí agus scoláirí gur mhaith leo a bheith in ann díriú ar MRB amháin, ach gur mhaith leo chomh maith rogha a bheith acu idir an dá cheann atá ar fáil.

MRB1 – Ag úsáid miotas don scéalaíocht

Dúirt scoláirí agus múinteoirí araon gur bhain siad an-taitneamh as páirt a ghlacadh sa MRB seo. Bhí an tsolúbthacht topaic a raibh spéis ag na scoláirí inti a fhiosrú agus a fhorbairt ina príomhthosca maidir leis an bhfáth a raibh an oiread sin tóra air. Toisc go raibh raon leathan topaicí ar fáil le roghnú astu, bhí saoirse ag na scoláirí réimse éagsúil scileanna tábhachtacha a fhiosrú laistigh de chur i láthair an MRB. Luaigh scoláirí go raibh cead acu a gcuid scileanna cruthaitheacha a úsáid chun téama cuí a fhiosrú le haghaidh a MRB agus dúirt siad gur mar gheall air sin a bhí siad saor tuarascáil a chur i láthair a raibh siad an-bhródúil aisti. Luaigh roinnt páirtithe leasmhara freisin go raibh na deiseanna a tugadh do scoláirí, maidir le bheith cruthaitheach trí mhiotais a scríobh, a léiriú, a shamhlú agus a chur in oiriúint, ina gcuidiú le scileanna a fhorbairt a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm i réimsí ábhair eile, agus ba é an toradh air sin ná go raibh an deis acu a bheith níos machnamhaí agus níos gníomhaí mar fhoghlaimeoirí.

MRB2 – An Róimh, croílár impireachta

Ní raibh formhór na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán tar éis tabhairt faoi MRB2 cheana (mar gheall ar na hathruithe ar na socruithe measúnaithe). Chinn roinnt múinteoirí, áfach, an dara MRB seo a dhéanamh toisc go bhfaca siad go bhféadfadh foghlaim fhiúntach agus

rannpháirtíocht na scoláirí a bheith i gceist leis. Luaigh siad gur thacaigh sé leis an bhfoghlaim agus gur chuir sé léi i réimsí eile den tsonraíocht agus léirigh siad go raibh siad sásta leis.

MRB 3 – Punann Teanga

In MRB an tsnáithe teanga éilítear ar scoláirí trí chineál téacs ar a laghad a chur i láthair astu siúd atá forbartha acu ina bpunann teanga i rith thrí bliana an chúrsa, agus iad a chur i láthair lena measúnú. Mar gheall ar na socruithe measúnaithe athraithe, níor ghlac na scoláirí páirt sa MRB ar bhealach foirmiúil, ach measadh an cleachtas punann a chothabháil mar ghné thábhachtach d'fhoghlaim teanga éifeachtach, agus measadh é a bheith ina ghné cuí den tsonraíocht. Shíl na freagróirí go raibh an MRB féin cuí chomh maith.

**Treoirlínte Measúnaithe, Samplaí d'Obair agus AFMÁnna**

I gcruinnithe comhairliúcháin dúirt múinteoirí go raibh na Treoirlínte Measúnaithe agus MRBanna samplacha ar www.curriculumonline.ie an-úsáideach. Mar sin féin, mhol siad gur gá raon níos leithne de shamplaí d'obair scoláirí a rinneadh le déanaí a fhoilsiú. Shíl go leor freagróirí go raibh na Gnéithe Cáilíochta dúshlánach. Mar sin féin, luadh go minic gur acmhainn iontach do mhúinteoirí a bhí sa leabhrán MRB a d'fhorbair CAI-T. Shíl múinteoirí gur chuir na Treoirlínte Measúnaithe solúbthacht ar fáil i leith an MRB agus gur bhain na scoláirí an-tairbhe as sin toisc go raibh siad in ann triail a bhaint as raon éagsúil cur chuige chun a gcuid smaointe a fhorbairt. Mar sin féin, dúirt múinteoirí freisin go raibh an chuid faoi athbhreithniú agus machnamh dúshlánach agus gur minic a bhí na scoláirí ag streachailt le dul i mbun rannpháirteachas iomlán sa phróiseas seo ar bhealach fiúntach. Ina theannta sin, shíl siad gurbh fhéidir an leibhéal "nár chomhlíon na hionchais go fóill" a léirmhíniú mar rud a thugann deis do na scoláirí MRB a dhéanamh arís, agus mar sin d'fhéadfadh sé go raibh doiléire i gceist leis an téarmaíocht i dtaca leis sin. Dúirt roinnt daoine freisin go bhféadfadh na tuairisceoirí lena mínítear na difríochtaí idir gach leibhéal a bheith níos soiléire.

I dtaca le cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AMFÁ), aontaíodh go raibh múinteoirí sásta páirt a ghlacadh iontu. Bhí siad ar bís le samplaí eile d'obair scoláirí a fheiceáil agus thug siad le fios go ndéanann an cleachtas comhoibríoch sin tairbhe dá gcleachtais teagaisc.

**Scrúdú scríofa**

Thug freagróirí an chomhairliúcháin seo, a bhí ina bpáirtithe leasmhara, le fios gur scrúdaíodh eolas agus tuiscint na scoláirí ar na trí shnáithe ar fad go héifeachtach leis an scrúdú scríofa, agus go raibh sé ailínithe go mór le torthaí foghlama na sonraíochta. Luadh gur tugadh an deis do na scoláirí sa scrúdú scríofa a n-inniúlacht dul i mbun plé le spreagthaigh – amhail bunfhoinsí clasaiceacha,

déantúsáin agus scéalta – a thaispeáint ar bhealaí fiúntacha. Dúirt go leor freagróirí go sásta go raibh na ceisteanna struchtúrtha ionas gurbh fhéidir leis na scoláirí a n-eolas a chur i bhfeidhm ar bhealach loighciúil seachas buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad a bhí ag teastáil.

Dúirt roinnt scoláirí agus múinteoirí, áfach, go raibh imní orthu faoin scrúdú scríofa. Luaigh siad go bhféadfadh easpa teimpléad inaitheanta don scrúdpháipéar gach bliain, méid na gceisteanna atá ann san áireamh, tionchar díobhálach a imirt ar bhainistiú ama na scoláirí i suíomh an scrúdaithe. Tugadh le fios chomh maith go raibh fadhb ag baint leis an easpa marcanna ar an scrúdpháipéar toisc gur bhraith na scoláire ar shoiléire maidir le leithdháileadh na marcanna chun tuiscint a fháil ar cé chomh mionsonraithe ar cheart freagraí a bheith. Rinneadh trácht chomh maith ar an easpa rogha maidir leis na ceisteanna, chomh maith leis an teanga a úsáidtear, rud a mheas roinnt scoláirí a bheith dúshlánach le haghaidh cúrsa leibhéal comónta. Dúirt múinteoirí go raibh deacrachtaí ag roinnt scoláirí an teanga a úsáidtear a léirmhíniú cé gur shíl scoláirí eile go raibh an teanga róshimplí.

Thug roinnt freagróirí le fios, cé go raibh go leor deiseanna ann le plé le torthaí foghlama ar bhealach cruthaitheach agus samhailteach, nach raibh na deiseanna chomh follasach sin i bhformáid an scrúdaithe scríofa. Cé go ndúirt múinteoirí go raibh an cúrsa inrochtana do scoláirí, d'áitigh roinnt acu go raibh teannas ann idir torthaí foghlama leathana agus solúbtha na sonraíochta agus sainiúlacht an scrúdaithe scríofa. Rinne múinteoirí agus scoláirí araon trácht ar an deacracht a bhaineann le 'pas le gradam' a bhaint amach agus shíl siad gur imir easpa an mhairc sin tionchar ar go leor scoláirí ardfheidhmíochta maidir lena roghanna ábhair agus iad ag dul ar aghaidh chun na sraithe sinsearaí.

## An Léann Giúdach

**Measúnú**

Baintear úsáid as raon modhanna measúnaithe sa seomra ranga, lena n-áirítear quizeanna, obair baile agus teisteanna ranga. Úsáidtear tréimhse cúig nóiméad le seiceáil isteach ar ar foghlaimíodh roimhe sin ag tús an ranga.

<u>MRB 1: Saol Giúdach a chaitheamh sa lá atá inniu ann</u>

Taitníonn an MRB seo go mór le múinteoirí agus scoláirí. Go sonrach, bhain scoláirí sult as a bheith in ann díriú ar ghné den saol teaghlaigh agus gnásanna Giúdacha is spéis leo agus bhí siad buíoch as na roghanna agus an raon a cuireadh ar fáil san MRB seo. Uaireanta thug múinteoirí dearcadh 'cén fáth a mbacfá' faoi deara i measc na scoláirí nuair nach raibh marc le bronnadh, agus measadh gur cheart marc a leithdháileadh don MRB.

Treoirlínte Measúnaithe, samplaí d'obair agus AFMÁnna

Dúirt múinteoirí gur shíl siad go raibh na Treoirlínte Measúnaithe an-soiléir agus fóinteach. Mar gheall ar líon beag na scoláirí a thugann faoin Léann Giúdach níl aon samplaí d'obair scoláirí ar fáil ar www.curriculumonline.ie. Mar sin féin, dúirt múinteoirí gur fhéach siad ar MRBanna na n-ábhar eile ar líne le treoir a fháil maidir le caighdeán, agus go raibh sé sin úsáideach.

Scrúdú scríofa

Go ginearálta, measadh an scrúdú scríofa a bheith inrochtana agus inbhainistithe do na múinteoirí agus na scoláirí araon. Déanta na fírinne measadh i gcoitinne go raibh sé réasúnta éasca. Shíl na múinteoirí go bhféadfaí dúshlán níos mó a thabhairt le ceisteanna an scrúdaithe trí níos mó ceisteanna a chur a mbeadh scileanna smaointeoireachta ar chaighdeán níos airde i gceist leo. Ina theannta sin, dúirt na múinteoirí nach raibh siad cinnte cé mhéad mionsonraí a theastaíonn agus na ceisteanna á bhfreagairt agus gur mhaith leo na marcanna a bheith ar an scrúdpháipéar. Thug CSS le fios go ndeachaigh an líon beag iarrthóirí a rinne scrúdú deiridh Léann Giúdach na Sraithe Sóisearaí le trí bliana anuas i ngleic le cuspóirí na sonraíochta go maith.

## Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach

### Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú

**Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Thug formhór na múinteoirí le fios gurb é an príomhathrú tuairiscithe ná comhtháthú na teanga i gCreat na Sraithe Sóisearaí i dtuairiscí scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Tugadh le fios freisin gur thacaigh an MRB le haiseolas foirmitheach do na scoláirí mar chineál measúnaithe.

**An Léann Clasaiceach**

Thug formhór na múinteoirí le fios gurb é an príomhathrú tuairiscithe ná comhtháthú theanga an Chreata don tSraith Shóisearach i dtuairiscí scoile do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Cé go raibh deacracht ag tuismitheoirí an cur chuige nua seo a thuiscint ar dtús, thug múinteoirí le fios go raibh múinteoirí agus scoláirí réasúnta compordach leis an teanga a úsáideadh ag an gcéim seo, mar a léiríodh ina n-idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí/caomhnóirí le linn cruinnithe tuismitheora/múinteora.

Tharraing múinteoirí aird ar úsáid cleachtas aiseolais fhoirmithigh agus iad ag déanamh measúnú ar MRBanna – dúirt siad go raibh an cur chuige tairbheach chun scileanna na scoláirí a fhorbairt i réimsí eile den tsonraíocht.

**An Léann Giúdach**

Níor léirigh múinteoirí sa Léann Giúdach aon ábhair imní maidir le tuairisciú, agus bhí siad sásta leis na socruithe a bhí i bhfeidhm ina gcomhthéacs.

## Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach

**Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Meastar i gcoitinne go gcuireann Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí bunchloch láidir ar fáil le haghaidh Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta. Luadh forbairt scileanna taighde (arna ngnóthú go príomha trí rannpháirtíocht sna MRBanna) agus an cumas smaoineamh go criticiúil agus ceisteanna a phlé ó dhearcthaí éagsúla mar na príomhghnéithe i seomra ranga Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí agus go raibh sé chomh hábhartha céanna d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta. I scoileanna ina gcuirtear Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta ar fáil mar ábhar roghnach, tuairiscíonn múinteoirí go dtugann líon maith faoi.

Léirigh roinnt múinteoirí imní faoin aistriú go hOideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta, leibhéal ag a n-éilítear scileanna scríbhneoireachta fadaithe, agus mhol siad gur cheart do mhúinteoirí deiseanna a fhiosrú le scríbhneoireacht fhadaithe a dhéanamh leis na scoláirí sa tsraith shóisearach.

**An Léann Clasaiceach**

Bhí múinteoirí ar aon intinn ar an iomlán gur chuir cúrsa Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí bunchloch mhaith ar fáil le haghaidh an aistrithe chuig cúrsa Léann Clasaiceach na Sraithe Sinsearaí. Léirigh siad gur chruthaigh cúrsa na sraithe sóisearaí bunús maith eolais (mar shampla, trí inneachar, téamaí athfhillteacha agus scileanna a ailíniú) do chúrsa na sraithe sinsearaí agus go raibh leanúnachas ann maidir leis an ábhar a foghlaimíodh. Luaigh siad freisin gur chuidigh an fhoghlaim ghairmiúil leo an dá chúrsa a nascadh lena chéile agus go raibh sin úsáideach chun ábhar a phleanáil ina raibh naisc ghníomhacha idir an dá chúrsa. Mar sin féin, rinne múinteoirí trácht ar an méid oibre

is gá sa tsraith shinsearach freisin, agus shíl siad gurbh ábhar iontais é sin do neart scoláirí a chonaic Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí mar chúrsa cruthaitheach agus idirghníomhach ina bhféadfaidís iad féin a chur in iúl gan mórán sriain. Léirigh scoláirí nach mar sin a bhí sé ag leibhéal na sraithe sinsearaí toisc go raibh méid na hoibre atá le déanamh suntasach. Is minic a léirigh scoláirí díomá maidir leis sin.

Mar sin féin, thug scoláirí le fios freisin go raibh an t-aistriú ón tsraith shóisearach chuig an tsraith shinsearach i léann na dteangacha clasaiceacha ina dhúshlán dóibh. Aithníodh go mbeadh aistriú níos réidhe i gceist leis na sonraíochtaí nua do Shean-Ghréigis agus Laidin na hArdteistiméireachta, le tabhairt isteach sna scoileanna in 2025/26, toisc gur ceapadh na hábhair nua lena bhfoghlaim *ab initio*. Mar sin féin, maidir leis na cohóirt siúd ar ghá dóibh aistriú ó eispéireas teanga 100 uair an chloig go siollabas iomlán de chuid na hArdteistiméireachta, tugadh le fios go raibh sé deacair agus dúshlánach dóibh.

**An Léann Giúdach**

Ní raibh an téama sin ábhartha do scoláirí ná múinteoirí an Léinn Ghiúdaigh, toisc nach bhfuil aon chúrsa do Léann Giúdach san Ardteistiméireacht ná a choibhéis ina bhféadfadh scoláirí dul ar aghaidh ón tsraith shóisearach.

## Ionchuimsiú

**Ionchuimsiú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Oideachas Reiligiúnach**

Le linn cruinnithe comhairliúcháin, is minic a rinne múinteoirí trácht ar ionchuimsitheacht shonraíocht an Oideachais Reiligiúnaigh. Tharraing siad aird ar a ionchuimsitheacht maidir le cur chuige ilchreidmheach i leith Oideachas Reiligiúnach agus é a chur ar chumas na scoláirí ‘de gach creideamh agus gan chreideamh ar bith’ dul i mbun rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim faoi chreidimh agus cruinneshamhlacha difriúla. Mhothaigh siad go raibh an cúrsa reatha níos ionchuimsithí maidir le reiligiúin dhifriúla agus dearcthaí neamhreiligiúnacha ná siollabas Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí roimhe seo. Thuairiscigh scrúdaitheoirí go bhfuil iarrthóirí in ann eolas agus tuiscint a thaispeáint ní hamháin ar reiligiún amháin, ach ar chúig phríomhreiligiún an domhain agus ar dhearcthaí neamhreiligiúnacha de réir mar is gá faoin tsonraíocht.

Dheimhnigh múinteoirí chomh maith go raibh an cúrsa inrochtana do scoláirí a bhfuil raon inniúlachtaí scoláire acu, lena n-áirítear scoláirí atá rannpháirteach i gCláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna).

Dúradh gur éascaigh gnéithe áirithe den scrúdú an inrochtaineacht (amhail úsáid na gceisteanna freagraí gearra, leideanna pictiúir agus spreagthach amhairc eile), ach i gcásanna eile shíl múinteoirí go raibh an teanga i roinnt ceisteanna dúshlánach do roinnt scoláirí. Measadh go raibh ceisteanna, a bhí níos teibí nó níos fealsúnaí, níos deacra do na scoláirí sin.

Ar an iomlán – agus in ainneoin na bpointí thuasluaite – bhí múinteoirí sásta tríd is tríd go gcuirtear an contanam iomlán a bhaineann le hinniúlacht agus le taithí san áireamh i sonraíocht agus socruithe measúnuithe an Oideachais Reiligiúnaigh.

**An Léann Clasaiceach**

Dúirt múinteoirí gur éiligh gnéithe áirithe den tsonraíocht cleachtais chruthaitheacha agus chomhoibríocha (féach mar shampla TF 2.15). Cuireadh bealach ar fáil leis sin do scoláirí, a mheas doimhneacht an inneachair a bheith dúshlánach, chun plé níos doimhne a dhéanamh leis an ábhar. De réir múinteoirí, spreag sin na scoláirí bealaí difriúla a fhiosrú chun tuiscint a fháil ar an inneachar sin, rud a chothaigh ionchuimsitheacht a bhí le mothú ina n-eispéiris ar fud na sonraíochta i gcoitinne. Thug múinteoirí le fios freisin gur chuir siad roghanna foghlama, inniúlachtaí agus láidreachtaí na scoláirí san áireamh agus iad ag cruthú inneachair agus acmhainní don seomra ranga, toisc nach raibh téacsleabhar acu. Bhí siad feasach chomh maith ar leibhéal rannpháirtíochta na scoláirí leis an ábhar sa seomra ranga agus, toisc gurb iad féin a chruthaigh an t-inneachar, luaigh siad gurbh fhéidir leo luas an tsoláthair seo sa seomra ranga a choigeartú i gcomhréir le cumas na scoláirí plé leis an bhfoghlaim inmhianaithe.

**An Léann Giúdach**

Dhearbhaigh múinteoirí agus scoláirí go raibh foráil sa Léann Giúdach do chontanam na n-inniúlachtaí agus spéiseanna laistigh den seomra ranga. Dúirt siad gurbh é ba chúis leis sin ná cúrsa a ceapadh go maith agus a bhí tarraingteach agus ábhartha, gan an iomarca torthaí foghlama ann. D’aontaigh siad chomh maith gur chuidigh na socruithe measúnaithe (MRBanna agus scrúduithe san áireamh) le go n-éireodh leis na scoláirí ach iad ag déanamh iarracht éigin.

# 5. Léargais, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Bhí a n-aiseolas an-léirsteanach maidir leis an gcaoi ar cuireadh sonraíochtaí ábhair Chéim 5 i bhfeidhm agus an taithí a fuarthas orthu.

Breithnítear sa chuid seo den tuairisc an t-aiseolas ón athbhreithniú chun croí-léargais agus moltaí a aithint. Dá bharr sin, is gá an méid a leanas a aithint: is próiseas casta é an t-athrú curaclaim agus glacann sé am é a bhaint amach; agus ní raibh an taithí bheartaithe ag na múinteoirí ná ag aon chohórt scoláirí ar an gcuraclam agus ar na socrúcháin mheasúnaithe toisc gur chuir paindéim Covid-19 isteach air sin. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don iarracht iontach a rinne múinteoirí ábhair Chéim 5 chun tacú le rannpháirtíocht le socruithe curaclaim nua i gcúinsí an-dúshlánach.

## Léargais

Tarraingítear na léargais seo a leanas ó bhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna éagsúla a tarraingíodh anuas i rith na tuarascála seo. Féachann siad leis na torthaí uileghabhálacha a shintéisiú agus tá sé i gceist acu bonn eolais a chur faoi mholtaí a leanann astu. Déantar na léargais seo a chatagóiriú i dtaca leis an gCreat, ar an gcéad dul síos; agus ansin i dtaca leis na trí ábhar de chuid Chéim 5.

### Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach

- Is léir go bhfuil an phleanáil chomhoibríoch tar éis éirí níos leabaithe i gcultúr na scoileanna, agus is spreagthach suntasach den chultúr seo atá i mbun forbartha é an próiseas AFMÁ. Fáiltíonn múinteoirí go ginearálta roimh an bpróiseas AFMÁ mar dheis luachmhar le haghaidh comhráite gairmiúla le comhghleacaithe.
- Tá cleachtais mheasúnaithe fhoirmithigh le feiceáil i gcleachtas an tseomra ranga.
- I gcomhthéacs na pleanála, cé go n-aithnítear go n-imríonn téacsleabhair ról i bpleanáil agus oideolaíocht an mhúinteora go fóill, tugtar le fios nach bhfuil aon téacsleabhair ar fáil do shonraíocht Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí, ná le haghaidh an Léinn Ghiúdaigh. Forbraíonn múinteoirí na n-ábhar seo cuir chuige teagaisc agus mheasúnaithe trí úsáid a bhaint as acmhainní eile agus éiríonn go han-mhaith leo é sin a dhéanamh.

- Tá an dearcadh ann go bhfuil tionchar ag an easpa marcanna don MRB maidir leis an measúnú deiridh foriomlán ar an stádas a thugtar do MRBanna agus ar an dearcadh atá ag scoláirí agus ag tuismitheoirí ar MRBanna.
- Athraíonn eispéireas an mheasúnaithe deiridh beagán ar fud na n-ábhar a fhiosraítear san athbhreithniú seo. Mar sin féin, tá sé le feiceáil go bhfuil roinnt frustrachais ann maidir le leithead iomarcach na mbannaí grádaithe a mheastar a bheith ann, agus an deacracht iomarcach a bhraitheann scoláirí chun Gradaim a bhaint amach. Tá roinnt ábhair imní ann fós faoin Leibhéal Comónta. Iarrtar níos mó trédhearcachta maidir le marcanna a léiriú do cheisteanna ar an scrúdpháipéar.

## Aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Oideachais Reiligiúnaigh, an Léinn Chlasaicigh agus an Léinn Ghiúdaigh

- Tá comhaontú ann ar fud na dtrí ábhar go léir go bhfuil an Aidhm atá leagtha amach do gach ábhar oiriúnach, agus go gcuimsítear ann an fhoghlaim atá ag teastáil do scoláirí i leith aois agus chéim na Sraithe Sóisearaí.
- Creidtear go bhfuil dearadh na sonraíochtaí, i dtéarmaí snáitheanna agus torthaí foghlama, iomchuí ar fud na dtrí ábhar go léir, le comhaontú ginearálta go bhfuil an fhoghlaim riachtanach do gach ábhar cuimsithe sna torthaí atá leagtha amach.
- Is léir go bhfuil múinteoirí na n-ábhar ag úsáid theanga na foghlama agus an teagaisc, agus is léir sin sa phlé faoi rúin foghlama, critéir ratha, measúnú foirmitheach agus eispéireas an MRB.
- Breathnaíonn múinteoirí ar a dtaithí FGL go dearfach trí chéile, agus fáiltíonn siad roimh dheiseanna dá leithéid, agus luann siad tacaíocht chumainn na múinteoirí chomh maith.
- Tá gá fós ann le samplaí nua agus ilchineálacha d'obair scoláirí a fhorbairt sa Léann Clasaiceach chun leanúint ar aghaidh ag tacú le breithiúnais ghairmiúla agus eolas measúnaithe na múinteoirí.
- Breathnaítear go han-dearfach ar eispéireas na Measúnachtaí Rangbhunaithe den chuid is mó, agus díríonn na scoláirí go háirithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil chun réimsí spéise agus sásamh pearsanta a bhaint amach.
- Cé gur cinnte go bhfuil an tuiscint ar thorthaí foghlama níos beaichte, tá teannais ann fós maidir leis an rud a fheictear mar dhoiléire iomarcach nó easpa soiléireachta i dtaobh roinnt torthaí foghlama ar fud na n-ábhar, le múinteoirí ag lorg treorach nó sainiúlachta i gcásanna áirithe, go háirithe sa chomhthéacs a bhaineann le scoláirí a ullmhú don scrúdú deiridh.
- Tá frustrachas ann nach n-aithnítear MRBanna i dtéarmaí an ghráid iomláin deiridh don ábhar.

## Moltaí

Is léir ón aiseolas san athbhreithniú go dtéann go leor de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas níos faide ná na hábhair ar leith, agus go mbaineann siad ar bhonn níos leithne le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Bhí sin le feiceáil freisin in athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath ábhair roimhe seo, amhail na hathbhreithnithe is deireanaí ar Chéim 3 agus Céim 4. Bíodh is nach n-áirítear i sainchúram an athbhreithnithe gníomhartha a mholadh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chreata, sainaithnítear sa tábla seo a leanas na cinn is ábhartha de na saincheisteanna sin.

### Saincheisteanna a bhaineann le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach

Féadfar roinnt gníomhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach a dhéanamh trí rannpháirtíocht dhírithe le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ábhartha, bunaithe ar aiseolas an athbhreithnithe, agus ag leanúint ar aghaidh de réir aiseolas comhchosúil a fuarthas le linn athbhreithnithe a rinne CNCM roimhe seo. Aithnítear na ceithre réimse seo a leanas le haghaidh gníomhaíochta.

#### Am gairmiúil agus pleanáil, amchlárú agus acmhainní

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí agus lucht bainistíochta scoile an-luach leis an am sin. Chuirfeadh gach múinteoir agus lucht bainistíochta scoile fáilte roimh níos mó ama agus treorach maidir le pleanáil, amchlárú agus rochtain ar acmhainní iomchuí.

#### Measúnú agus Tuairisciú

Tá dúshláin fós ag baint leis an gcur chuige níos leithne i leith measúnú sa tsraith shóisearach, bíodh is go bhfáiltíonn múinteoirí roimhe go forleathan, ó thaobh cur i bhfeidhm de. Bhí an t-athrú go dtí scrúdpháipéir ar Leibhéal Comónta dúshlánach do mhúinteoirí. Chuirfí fáilte roimh thuilleadh treorach agus tacaíochta sa chomhthéacs sin.

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt ábhar imní ann fós faoi nádúr an chórais grádaithe agus na mbandaí grádaithe sa mheasúnú reatha ar ábhair na Sraithe Sóisearaí. Ardaíodh caoile an bhanna 'Pas le gradam' mar ábhar imní. Ach oiread le hábhair eile, tugadh aiseolas ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a thug le fios go bhfuil gá fós le níos mó práinne maidir le heisiúint níos luaithe Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, agus le tuilleadh cumarsáide chun a hábharthacht do scoláirí agus do thuismitheoirí a mhíniú.

#### MRBanna agus Cruinnithe AFMÁ

Ní mór aird a tharraingt i measc scoláirí agus tuismitheoirí ar ról agus ar thábhacht na MRBanna i gcomhthéacs an chur chuige dhéach i leith measúnú. Chuirfí fáilte freisin roimh thacaíocht agus

treoir ar mhaithe le héascú leanúnach chruinnithe AFMÁ, go háirithe do ranna ábhair ina bhfuil múinteoir amháin atá ann i roinnt scoileanna i gcás ábhar amhail an Léann Clasaiceach.

**Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha**

Ba cheart scaipeadh na dtorthaí, agus foimliú na ngníomhartha chun tacú leis na moltaí a thagann chun cinn ón staidéar fadaimseartha faoi stiúir Ollscoil Luimnigh ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach i scoileanna, a chur in iúl do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí.

## Moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm leanúnach an Oideachais Reiligiúnaigh, an Léinn Chlasaicigh agus an Léinn Ghiúdaigh

Cinntear san athbhreithniú gurb é bunús gach sonraíochta, i dtéarmaí a ndeartha i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, agus ainmniú MRBanna, nach bhfuil gá le hathbhreithnithe ná leasuithe suntasacha a mbeadh gá le grúpa forbartha a thionól ina leith.

Moltar go bhféadfaí roinnt gníomhartha praiticiúla a dhéanamh ar fud na dtrí ábhar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhartha agus is suntasaí a tarraingíodh anuas. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar mholtaí maidir le méid beag torthaí foghlama a bhainfeadh leas as soiléiriú, trí threoir Oide a sholáthar le tacaíocht CNCM. Lena leithéid de threoir, ní hamháin go gcuirfí soiléire ar raon an toraidh foghlama ar fáil, ach chuirfí smaointeoireacht phras ar fáil freisin faoi bhealaí éagsúla a bhféadfadh múinteoirí plé leis an toradh foghlama ábhartha.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar roinnt leasuithe, de réir mar is gá faoi na Treoirlínte Measúnaithe le haghaidh ábhar, lena n-áirítear forbairt gluaiseanna téarmaí (sa Léann Clasaiceach) agus beachtú féideartha na nGnéithe Cáilíochta (sa Léann Clasaiceach), chomh maith le forbairt bhreise ar shamplaí d'obair scoláirí.

Moltar, faoi réir a bhfaofa, go mbeadh na hathruithe a mhol an Feidhmeannas le haghaidh gach ábhair, mar a leagtar amach thíos, ina bhfreagairt chuí ar na saincheisteanna a tarraingíodh aníos san athbhreithniú.

| Moltaí |
| --- |
| **I gcás an Oideachais Reiligiúnaigh, déanfaidh CNCM an méid seo a leanas:**<br>Comhoibriú le hOide le modhanna a fhorbairt chun tacú le forbairt ghairmiúil na múinteoirí sna réimsí seo: |

- Torthaí foghlama áirithe a fhiosrú agus a léirmhíniú nuair a shainaithnítear san athbhreithniú go dteastaíonn léiriú nó soiléiriú breise uathu
- Bealaí a shainaithint chun scileanna smaointeoireachta fealsúnachta a chothú, chun tacú le cumas na scoláirí coincheapa a thabhairt le chéile agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna difriúla, agus chun cumas na scoláirí a neartú dul i mbun machnaimh
- Méadú ar chumas na múinteoirí pleanáil a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an tsonraíocht agus as raon éagsúil acmhainní
- Cuir chuige i leith measúnú sa seomra ranga a leathnú agus cleachtais measúnaithe fhoirmithigh a spreagadh.

Samplaí anótáilte breise d'obair scoláirí a nuashonrú agus a fhoilsiú.

**I gcás an Léinn Chlasaicigh, déanfaidh CNCM an méid seo a leanas:**
Comhoibriú le hOide le modhanna a fhorbairt chun tacú le forbairt ghairmiúil na múinteoirí sna réimsí seo:

- Torthaí foghlama áirithe a fhiosrú agus a léirmhíniú nuair a shainaithnítear san athbhreithniú go dteastaíonn léiriú nó soiléiriú breise uathu
- Mionghluais téarmaí a fhorbairt sa tSean-Ghréigis agus sa Laidin araon
- Díriú ar rúin foghlama agus critéir ratha chun tacú le teagasc agus foghlaim, agus chun cuidiú le torthaí foghlama a léirmhíniú trí FGL spriocdhírithe.
- Plé leis an gcaoi a bhféadfadh nuashonruithe ar na Treoirlínte Measúnaithe aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tarraingíodh anuas san athbhreithniú.

Samplaí anótáilte breise d'obair scoláirí a nuashonrú agus a fhoilsiú.

**I gcás an Léinn Ghiúdaigh, ní moltar aon ghníomhartha breise a dhéanamh i láthair na huaire.**
**Ba mhaith le scoláirí go bhfoilseofaí páipéir a scrúdaíodh roimhe seo ar www.examinations.ie**

# 6. Na Chéad Chéimeanna Eile

Moltar, faoi réir fhaomhadh na Comhairle, gur cheart moltaí a lorg de réir mar is cuí.

Táthar ag súil go leanfaidh an próiseas athbhreithnithe, an tuarascáil a tháinig amach as, agus na moltaí a thagann chun cinn, ag tacú le scoláirí, múinteoirí agus lucht bainistíochta scoile chun na haidhmeanna do na hábhair a bhaint amach, agus an Creat a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment